



An Coimisiún  
Eorpach



An t-aistriúchán agus an  
ateangaireacht

# Teangacha in úsáid



## An t-aistriúchán agus an ateangaireacht

# Teangacha in úsáid

Murab ionann is riamh, tá gá againn le teangacha — i gcúrsaí gnó agus oibre, chun staidéar a dhéanamh thar lear agus chun dul ag taisteal. Dá bhrí sin, tá cúiseanna maithe ann le gach duine a sporadh chun teangacha iasachta a fhoghlaim, ón aois is óige is féidir ar aghaidh feadh an tsoil.

Bíonn amanna ann, áfach, agus ní bhíonn na scileanna teanga is gá againn; amanna ní bhíonn an teanga a theastaíonn againn, cuir i gcás, nó bíonn an oiread sin i ngeall nach mian linn brath ar ár n-eolas féin ar an teanga. Is i gcásanna den chineál sin a bhíonn cuidiú saineolaithe gairmiúla sa chumarsáid ilteangach a dhíth orainn, is é sin aistritheoirí agus ateangairí.

Céard é an difríocht idir an ateangaireacht agus an t-aistriúchán?

Ar mhaith leat a bheith i d'ateangaire nó i d'aistritheoir?

An mian leat dul i dteagmháil le haistritheoir nó le hateangaire gairmiúil?

Léigh leat ...



# Roinnt míthuairimí ...

... faoin aistriúchán



**bréagach**

**“Is leor foclóir maith chun aistriúchán a dhéanamh.”**

**Is gairm bheatha é an t-aistriúchán.** Dá mba leor foclóir maith, ní bheadh an oiread sin drochaistriúcháin ann. (Smaoinigh ar an iliomad comharthaí áiféiseacha agus tuarascálacha bliantúla dothuigthe atá ann!)

**bréagach**

**“Ní bhíonn foclóirí ná foinsí tagartha a dhíth ar aistritheoirí cumasacha. Déanann siad an t-aistriúchán, agus sin sin.”**

**Cuid dhílis den aistriúchán is ea an taighde.** Caithfidh aistritheoirí anailís agus scrúdú criticiúil a dhéanamh ar fhoinsí eolais agus téarmaí a sheiceáil i ngluaiseanna.

**“Is féidir le mo rúnaí tritheangach an t-aistriúchán go léir a dhéanamh dom.”**

**bréagach**

Ní hionann a bheith in ann teanga iasachta a labhairt agus a scríobh agus a bheith in ann dea-aistriúchán ón teanga sin a dhéanamh.

**“Má tá eolas maith ag duine ar dhá theanga, is féidir leis téacs a aistriú as aon cheann acu isteach sa cheann eile.”**

**bréagach**

Cé go mbíonn corrdhuine ann a mbíonn sé ar a chumas aistriúchán a dhéanamh go breis is sprioctheanga amháin, **is gnách nach mbíonn ach an t-aon sprioctheanga amháin ag formhór na n-aistritheoirí.** Ní hionann eolas gníomhach agus eolas éighníomhach ar theanga. Lena chois sin, ní bhíonn sé ar chumas an ghnáth-aistritheora litríochta conradh dlí a aistriú, agus ní togha aistriúcháin a dhéanfadh aistritheoir téacsleabhar bainistíochta ar leabhar leighis.

**“Ní fada go mbeidh obair an aistritheora á déanamh ag ríomhairí.”**

**bréagach**

Tá roinnt córas meaisín-aistriúcháin ann atá an-mhaith, ach ní bheidh a gcuid oibre inchurtha choíche le hobair an duine toisc go bhfuil caolchúis agus miondífríochtaí theangacha an duine thar chumas ríomhairí. Mar sin féin, is mór an cuidiú don aistritheoir na feidhmchláir ríomhaireachta atá ar fáil ar an margadh agus atá ag dul ó neart go neart.

# Roinnt míthuairimí ...

... faoin ateangaireacht

**bréagach**

**“Is ionann an t-aistriúchán agus an ateangaireacht.”**

*Cé go bhfuil go leor cosúlachtaí idir an t-aistriúchán agus an ateangaireacht, is gairmeacha beatha ar leith iad a bhfuil scileanna éagsúla agus oiliúint éagsúil ag teastáil lena n-aghaidh. An té atá go maith chun na hateangaireachta, ní gá go bhfuil sé go maith chun an aistriúcháin, agus a mhalairt.*

**“Is leor teangacha a bheith ar do thoil agat le bheith i d’ateangaire.”**

**bréagach**

**“Tá an Phortaingéilis agus an Fhionlainnis agam, mar sin is féidir liom ateangaireacht a dhéanamh isteach sna teangacha sin.”**

**Is gairm bheatha í an ateangaireacht.**

*An té ar mian leis ateangaireacht a dhéanamh ar chaint atá níos casta ná gnáthchomhrá, ní mór dó scileanna speisialta a fhoghlaim nach sealbhóidh sé go deo leis féin.*

**bréagach**

**“Déanfaidh aon sórt ateangaire cúis. Níl gá agam le hateangaire comhdhála.”**

*Ní féidir le duine ateangaireacht a dhéanamh go teanga mura bhfuil an teanga sin go huile agus hiomlán ar a thoil aige. Is é an rud is fearr an sprioctheanga a bheith ina máthairtheanga ag an ateangaire. Caithfidh ateangairí a bheith in ann eolas a phróiseáil go pras agus a gcuid cainte a dhéanamh gan mhoill, ar bhealach soiléir deaslabhartha réidh.*

**bréagach**

*Is é is ateangaire comhdhála ann ateangaire a bhfuil céim ollscoile aige agus a chuaigh faoi oiliúint ar ardchaighdeán. Ní i gcomhdhálacha amháin a dhéanann siad ateangaireacht. Ní gach ateangaire a chuaigh faoi oiliúint den sórt sin.*



## Céard é an difríocht idir an t-aistriúchán agus an ateangaireacht?

Is iomaí sin duine a mheasann gurb ionann an t-aistriúchán agus an ateangaireacht, ach ní hionann.

Is leis an bhfocal scríofa a bhíonn an t-aistritheoir ag plé, agus is leis an bhfocal labhartha a bhíonn an t-ateangaire ag plé.

Is é is cúram don aistritheoir téacs a scríobh a thugann brí agus ábhar an bhundoiciméid leis go cruinn agus atá soiléir agus ceart ó thaobh na gramadaí de.

Is éard is dea-aistriúchán ann téacs nach bhfuil an chuma air gur aistriúchán é. I roinnt mhaith cásanna, an reachtaíocht, mar shampla, is téacs “údarásach” an t-aistriúchán, i.e. tá an fheidhm chéanna dhlíthiúil leis agus atá leis an mbuntéacs.

I bpíosa dílis aistriúcháin nó ateangaireachta léirítear ní hamháin intinn an údair nó an chainteora, ach stíl agus sainréim na teanga a úsáideadh freisin.

Is é a dhéanann ateangairí intinn an chainteora a chur i dtuiscint ó bhéal i dteanga eile.

Murab ionann is aistritheoirí, is gnách gur féidir leis an gcustaiméir an t-ateangaire a fheiceáil. Fágann obair an ateangaire gur féidir cumarsáid ó bhéal duine le duine a dhéanamh. Is sa chéad phearsa a labhraíonn ateangairí; tá siad mar a bheadh glór an chainteora ann. Cuireann siad smaointe agus tuairimí an chainteora in iúl gan déine ná mionbhríonna na cainte sin a athrú agus gan a mbarúil ná a ndearcadh féin a chur léi.

Ní mór don ateangaire agus don aistritheoir araon an uile mhionbhrí atá leis an mbunteanga a thuiscint ionas go mbeidh siad in ann, a oiread is féidir é, iad a chur in iúl ar dhóigh dhílis nádúrtha sa sprioctheanga. Chuige sin, tá ardsceleana scríbhneoireachta ag teastáil freisin, agus ní foláir a bheith in ann smaoineamh go han-tapa.

# Na scileanna nach mór

## a bheith ag aistritheoirí gairmiúla agus ag ateangairí comhdhála gairmiúla

Cumas bunriachtanach san aistriúchán agus san ateangaireacht is ea cumas tuisceana. Ní féidir le duine brí óráide ná téacs a chur in iúl i gceart i dteanga eile mura dtuigean sé go beacht í sa bhunteanga. Sin é an chúis nach mór sáreolas ar an mbunteanga, tréanchumas anailíse agus eolas éigin ar an ábhar i dtrácht a bheith ag an aistritheoir nó ag an ateangaire.

Ní leor an tuiscint féin, áfach. Caithfidh aistritheoirí agus ateangairí a bheith in ann an t-eolas sin a chur in iúl go cruinn deaslabhartha i dteanga eile sa chaoi is go dtuigfidh na léitheoirí nó an lucht éisteachta é.

Caithfidh sé a bheith in ann an tsainréim teanga a thoghadh de réir mar a oireann, is cuma cé acu doiciméad (ábhar scríofa) nó óráid (caint) atá ann.



### Scileanna an aistritheora

Ardscileanna **dréachtaithe**, ionas nach mbeidh an chuma ar an téacs gur aistriúchán é.

**Críochnúlacht** agus **cruinneas**, ionas nach n-imeoidh an t-aistriúchán ó spiorad an bhuntéacs ná nach bhfágfar ar lár aon eolas atá ann.

Ní féidir sainaistriúchán a dhéanamh gan dul i mbun **taighde** téarmaíochta agus taighde ar dhoiciméid, agus gan dul i gcomhairle le saineolaithe sa réimse i gceist.

Ní mór meon fiosrach, fonn foghlama agus teacht aniar a bheith san aistritheoir.

Ráite gur minic a bhíonn ar aistritheoirí obair a dhéanamh laistigh d'achar gearr, caithfidh siad a bheith solúbtha agus a bheith in ann a gcuid jabanna a chur in ord tosaíochta agus dul i gceann a gcuid oibre ar dhóigh eagraithe.

Caithfidh saoraistritheoirí a bheith in ann custaiméirí a mhealladh agus cúrsaí gnó a bhainistiú.

Sa lá atá inniu ann, ní mór **scileanna ríomhaireachta** a bheith ag aistritheoirí agus ní mór dóibh bheith in ann mórchuid cineálacha feidhmchlár a úsáid chun a gcuid oibre a dhéanamh ar an dóigh is éifeachtaí is féidir.



## Scileanna an ateangaire

Caithfidh ateangairí comhdhála a bheith in ann **cumarsáid éifeachtach** a dhéanamh, agus caithfidh a chuid cainte a bheith ar a laghad chomh tarraingteach céanna le caint an óráidí.

Caithfidh ateangairí bheith bord ar bhord i gcónaí le cúrsaí reatha agus lena bhfuil ag titim amach sna réimsí a mbíonn siad ag plé leo. Sa lá atá inniu ann, ní mór **scileanna ríomhaireachta** a bheith ag ateangairí agus ní mór dóibh a bheith in ann mórchuid cineálacha uirlisí taighde a úsáid. Nuair a bhíonn duine i mbun cainte os comhair an mhicreafóin, ní bhíonn sé d'uain ag ateangaire breathnú i

bhfoclóirí ná i gclipéidí; caithfidh sé a bheith ullamh i gcónaí.

Toisc nach bhfuil aon “líontán sábhála” ag ateangairí, caithfidh **bua an iomais agus na solúbthachta** a bheith iontu, agus caithfidh sé a bheith ar a gcumas dul i ngleic le gach sórt ábhair ag gach sórt cainteora gan an chaint a dhul sa mhuilleann air.

Caithfidh ateangairí a bheith **discréideach** agus ciall a bheith acu, leis, don chomhthéacs ina bhfuil siad ag caint, más mian leo intinn an chainteora a chur i dtuiscint i gceart.



# Conas a bheith i d'ateangaire nó i d'aistritheoir

Is iomaí sin bealach atá ann le gabháil don aistriúchán nó don ateangaireacht.

I roinnt mhaith tíortha níl aon dóigh ar leith ann le gabháil don aistriúchán nó don ateangaireacht; i dtíortha áirithe teastaíonn cáilíocht ollscoile nó teastas náisiúnta.

Mar sin féin, tá scileanna sonracha a dhíth sa dá ghairm bheatha.

**Máistreacht ar an sprioctheanga** agus sáreolas ar aon teanga iasachta

amháin nó níos mó is ea an dá bhunriachtanas. D'fhéadfadh **saineolas** ar réimse eolaíochta nó teicniúil, nó ar an dlí nó ar an eacnamaíocht a bheith ina chuidiú freisin, de réir an réimse a bhfuiltear ag iarraidh a bheith ag obair ann.

Is mór an buntáiste atá ag aistritheoirí a bhfuil tréimhsí thar lear tugtha acu — is cuma cé acu ag déanamh staidéir nó ag obair a bhí siad — agus i gcás ateangairí is rud riachtanach é sin.

## Cáilíochtaí

Éilíonn an chuid is mó d'fhostóirí céim ollscoile nó pas i scrúdú mar chruthúnas ar chumas teanga, agus is iomaí sin cumann aistritheoirí agus ateangairí a éilíonn an méid céanna.

Is féidir staidéar a dhéanamh ar an aistriúchán agus ar an ateangaireacht

ar leibhéal bunchéime agus iarchéime, agus in go leor ollscoileanna múintear cúrsaí gairmiúla ateangaireachta agus aistriúcháin. Tá bunchéim i dteangacha agus cáilíocht iarchéime san aistriúchán agus/nó san ateangaireacht ag go leor aistritheoirí agus ateangairí.

▶ Tá tuilleadh eolais ina leith seo ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúirthóireacht na hAteangaireachta: [http://ec.europa.eu/dgs/scic/become-an-interpreter/index\\_ga.htm](http://ec.europa.eu/dgs/scic/become-an-interpreter/index_ga.htm)

Tá an **Mháistreacht Eorpach san Ateangaireacht Chomhdhála (EMCI)** bunaithe ar chroíchuraclam na gcúrsaí ateangaireachta iarchéime a mhúintear in ollscoileanna Eorpacha áirithe. Ó bhí 2001 ann, tá an beartas céanna iontrála agus measúnaithe maidir le mic léinn á chur i bhfeidhm ag na hollscoileanna sin agus tá siad tiomanta do dhearbhu cáilíochta agus athbhreithnithe tráthrialta a dhéanamh chun an clár a leasú de réir mar is gá. Is i 1997 a ullmhaíodh an curaclam i gcomhar leis na hinstitiúidí Eorpacha agus is cuid dhílis den chlár nach scoirfeadh den chomhar sin.

▶ Tuilleadh eolais ina leith seo: [http://ec.europa.eu/dgs/scic/international-cooperation/index\\_ga.htm](http://ec.europa.eu/dgs/scic/international-cooperation/index_ga.htm)

Trádmharc cláraithe do chúrsaí máistreachta aistriúcháin is ea **an Mháistreacht Eorpach san Aistriúchán (EMT)**. Is éard is croílár don EMT tacar inniúlachtaí gairmiúla a chuir grúpa de shaineolaithe iomráiteacha Eorpacha ar an aistriúchán i dtoll a chéile, inniúlachtaí a shealbhaíonn mic léinn a dhéanann cúrsa EMT. Aon ollscoil san AE a réachtálann cúrsa máistreachta aistriúcháin agus ar éirigh léi dul trí phróiseas roghnúcháin an EMT, is féidir léi bheith ina cuid de ghréasán an EMT. Is gnách gur gach ceithre bliana a dhéantar gairm ar iarratais. Daoine a chríochnaigh cúrsa EMT, bíonn sé ar a gcumas dul san iomaidh chun post a fháil in earnáil an aistriúcháin, sna hinstitiúidí Eorpacha san áireamh.

► Tuilleadh eolais ina leith seo: <http://ec.europa.eu/emt>

Is féidir céim in ábhar eile (e.g. an eacnamaíocht, dlí, ábhair theicniúla) a bheith ina buntáiste dóibh siúd atá ag iarraidh gabháil don ateangaireacht nó don aistriúchán, ar chuntar go bhfuil na scileanna teanga is gá acu. Eolaithe nó innealtóirí a chaith roinnt blianta thar lear, mar shampla, d'fhéadfaidís dul leis an aistriúchán teicniúil, ar chuntar go mbeadh na scileanna riachtanacha

teanga agus scríbhneoireachta acu. Saineolaithe teicniúla a bhfuil scileanna teanga acu, bíonn siad siúd ina n-aistritheoirí agus ina n-ateangairí maithe freisin toisc go mbíonn an-eolas acu ar ábhar agus ar théarmaíocht na réimsí a mbíonn siad ag plé leo. Mar sin féin, bíonn sainoilíúint i dteicnící agus i modhanna aistriúcháin nó ateangaireachta ag teastáil.

## Comhdheiseanna

Is féidir le daoine faoi mhíchumas gabháil don aistriúchán agus don ateangaireacht. Tá roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí an Aontais Eorpaigh san áireamh, ina bhfuil

daoine faoi mhíchumas fostaithe, ateangairí atá dall agus aistritheoirí a bhfuil lagamharc acu nó atá bodhar, cuir i gcás.

# Cá mbíonn aistritheoirí agus ateangairí ag obair?

Bíonn aistritheoirí agus ateangairí ag obair san **earnáil phoiblí** (mar státseirbhísigh náisiúnta, Eorpacha nó idirnáisiúnta), san **earnáil phríobháideach** (i gcomhlachtaí tráchtála, i ngníomhaireachtaí aistriúcháin, srl.) agus i **ngrúpaí pobail** agus **eagraíochtaí deonacha**.

Bíonn aistritheoirí agus ateangairí ina bhfostaithe tuarastail, nó féinfhostaithe, i.e. **saoraistritheoirí**. Tá daoine ann a dhéanann idir aistriúchán agus ateangaireacht.

Tá go leor cineálacha aistriúcháin ann:

- aistriúchán ginearálta
- aistriúchán airgeadais
- aistriúchán dlíthiúil
- aistriúchán teicniúil (leigheas, eolaíocht, ríomheolaíocht, srl.)
- aistriúchán litríochta
- aistriúchán margaíochta
- aistriúchán ar ábhar a bhaineann leis na meáin chumarsáide.

Ní i gcónaí a iarrtar an aistritheoir aistriúchán a dhéanamh ar théacs iomlán. Is minic a iarrtar air **achóimre scríofa** a dhéanamh ar théacs fada, nó **aistriúchán gasta ó bhéal**, chun

go mbeidh a fhios ag an gcliant cé na codanna den doiciméad nach mór aistriúchán críochnúil a dhéanamh orthu, nó go díreach chun go dtuigfidh sé éirim an téacs.

I sochaí an lae inniu ina bhfuil na hilmheáin go mór i dtreis, tá ag méadú i rith an ama ar an tábhacht a bhaineann le haistriúchán **leathanach gréasáin**. Sa chineál sin aistriúcháin, caithfidh na téacsanna a bheith gearr, soléite agus scríofa ar chaoi a bhfeileann don idirlíon. Is minic, leis, nach mor gnéithe den bhuntéacs a leasú sa sprioctheanga.

Agus ná dearmadtar iad seo ...

- fotheidil
- fógraí
- paitinní
- bogearraí agus cluichí ríomhaire
- greannáin.

Caithfidh scileanna eile a bheith ag an aistritheoir chun cúraimí eile a dhéanamh, e.g. téacsanna a athbhreithniú agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu, tionscadail a bhainistiú, custaiméirí a mhealladh, agus comhlacht a riar.





**\***

Is téarma é “ateangaire comhdhála” a thugann ardleibhéal scileanna le fios. Ní ag comhdhálacha amháin a oibríonn ateangairí comhdhála — cuirtear oiliúint orthu a oireann do leor cineálacha ócáidí.

Is ar thrí phríomhchineál ateangaireachta atá an oiliúint a chuirtear ar ateangairí comhdhála\* dírithe:

**An ateangaireacht iaruaíneach:** bíonn an t-ateangaire ina shuí in aice leis an gcainteoir, éistean sé leis an óráid agus déanann sé ateangaireacht uirthi ag an deireadh ar fad (ag dul i muinín a chuid nótaí, de ghnáth). Cé gur minice, sa lá atá inniu ann, a dhéantar ateangaireacht chomhuaineach ná ateangaireacht iaruaíneach, bíonn an ateangaireacht iaruaíneach úsáideach i gcónaí in ócáidí áirithe (e.g. béilí gnó, turais, srl.).

**An ateangaireacht chomhuaineach:** bíonn an t-ateangaire i mboth fuaimdhíonach i dteannta aon chomhghleacaí amháin eile ar a laghad. Agus é sa seomra comhdhála, labhraíonn an cainteoir isteach sa mhicreafón, éistean an t-ateangaire trí chluasáin agus déanann sé ateangaireacht, go comhuaineach beagnach, ar an gcaint. Sa seomra comhdhála féin, roghnaíonn an lucht éisteachta an cainéal ar a bhfuil a rogha teanga le cloisteáil.

**Cogarnaíl:** sa chineál seo ateangaireachta comhuainí, bíonn an t-ateangaire ina shuí nó ina sheasamh idir na cainteoirí agus déanann sé ateangaireacht díreach isteach i gcluas an éisteora (gan aon trealamh ateangaireachta, de ghnáth).

Oibríonn ateangairí comhdhála ag go leor cineálacha ócáidí:

- coistí agus comhdhálacha
- pléití idir cinn stáit, príomh-airí, srl.
- cruinnithe gnó agus caibidlíocht tráchtála.

Is minic a iarrtar ar ateangairí dul chun na cúirte, nó chuig ospidéal, stáisiún póilíní, oifig inimirce, srl. **“Ateangaireacht seirbhíse poiblí”** a thugtar air sin. I roinnt mhaith tíortha, bíonn cáilíochtaí ar leith ag teastáil don sórt sin ateangaireachta toisc go mbíonn an t-ábhar lena mbítear ag plé an-chigilteach. Faoi láthair, tá scrúdú á dhéanamh ag Ard-Stiúrthóireacht na hAteangaireachta ar riachtanais oiliúna ateangairí dlí.

**Ateangaireacht ar theangacha comharthaíochta:** I gcomhdhálacha agus cruinnithe, is ateangaireacht chomhuaineach a dhéantar de ghnáth **idir teangacha labhartha agus na teangacha éagsúla comharthaíochta** a úsáideann lucht lagéisteachta ar fud an domhain.

Agus ná dearmadtar iad seo ...

- agallaimh raidió agus theilifíse
- comhráite ar líne
- físchomhdhálacha.

# Treoracha don chliant maidir leis an aistriúchán agus an ateangaireacht

## Conas aistritheoir gairmiúil a aimsiú

Dul i dteagmháil le **cumann náisiúnta nó idirnáisiúnta aistritheoirí**, sin é an bealach is fearr le haistritheoir gairmiúil a aimsiú. D'fhéadfaidís siúd liosta a thabhairt duit d'aistritheoirí gairmiúla creidiúnaithe ag a bhfuil na scileanna riachtanacha teanga agus an saineolas is gá.

Is minic, leis, a bhíonn liostaí de ghníomhaireachtaí measúla ag na cumainn sin. Ina theannta sin, bíonn mórchuid gníomhaireachtaí aistriúcháin liostaithe in **eolairí gnó** clóite agus eolairí gnó ar líne.

Le blianta beaga anuas, rinneadh iarrachtaí féachaint **caighdeán idirnáisiúnta cháilíochta san aistriúchán** a fhorbairt. I mí na

Bealtaine 2006, tar éis dó oibriú i ndlúthchomhar leis an *European Union of Associations of Translation Companies* (EUTAC), d'fhoilsigh an Coiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) caighdeán **EN 15038**, caighdeán lena ndeimhnítear seirbhísí aistriúcháin ar ardchaighdeán. Tá dea-theist an chaighdeán sin ag méadú ar fud na cruinne agus tá a rian ar shonraíochtaí tairisceana an Choimisiúin Eorpaigh maidir le saoraistritheoirí. Rialaíonn an caighdeán sin ní hamháin an próiseas aistriúcháin féin, ach gach céim eile den obair freisin, ón gcéad treoir a thugtar faoin obair go dtí go gcuirtear an t-aistriúchán críochnaithe ar fáil.

*Téigh i muintín daoine a bhfuil fios a ngnó acu: braitheann do chlú ar chaighdeán an aistriúcháin agus na hateangaireachta a dhéantar thar do cheann.*

## Conas féachaint chuige go ndéanfar an t-aistriúchán is fearr is féidir

- ✓ Aimsigh duine arb é a **speisialtacht** aistriúchán a dhéanamh ar an sórt téacs atá agat ón mbunteanga ina bhfuil sé isteach sa sprioctheanga a theastaíonn uait. Ní gan dua a dhéantar aistriúchán sa mhalairt treo, is doiligh scileanna aistriúcháin a úsáidtear i réimse amháin a úsáid i réimse eile.
- ✓ Cuidiú is ea é gach **doiciméad tagartha** ábhartha (e.g. doiciméid chosúla a aistríodh roimhe, doiciméid theicniúla agus gluaiseanna) a sholáthar don aistritheoir. Beidh an t-aistriúchán níos fearr agus níos comhleanúnaí dá bharr.
- ✓ Ní mór a lua i gcónaí **cad chuige an t-aistriúchán agus cé air a bhfuil sé dírithe**. (Cé acu doiciméad chun críche eolais, agus chun na críche sin amháin é, nó doiciméad a fhoilseofar é? An úsáidfear i bhfógraíocht é?) Más rud é go bhfoilseofar é, beidh na caighdeán cháilíochta i bhfad níos airde agus, ar ndóigh, beidh ar an aistritheoir súil i bhfad níos géire a chaitheamh air. Má dhéantar dréacht-aistriúchán chun críche eolais amháin, ní mór dul i gcomhairle leis an aistritheoir sula n-úsáidfear chun aon chríche eile é.

- ✓ Tabhair **am** a dhóthain don aistritheoir an obair a dhéanamh. Ná dearmad go mbíonn go leor cliant ag an aistritheoir maith, agus nach tusa an t-aon chliant amháin atá aige. Má tá an t-aistriúchán fíorphráinneach, bí ag súil le hairgead sa bhreis a íoc: bíonn doiciméid phráinneacha níos daoire. Is ar theicniúlacht agus ar chastacht na bunteanga a bhraitheann an méid ama a bheidh ag teastáil chun an t-aistriúchán a dhéanamh.
- ✓ Tabhair **aiseolas** don aistritheoir faoina chuid oibre. Má dhéanann tú sin is fearr an jab a dhéanfaidh an t-aistritheoir an chéad uair eile.

## Conas ateangaire gairmiúil a aimsiú

Ar dtús, gabh chuig suíomh gréasáin **cumainn náisiúnta nó idirnáisiúnta** ateangairí comhdhála. Is minic a bhíonn liosta ateangairí gairmiúla acu ag a mbeidh na scileanna atá uait.

Is féidir dul i dteagmháil le gníomhaireacht ateangaireachta freisin. Is minic a bhíonn na gníomhaireachtaí sin liostaithe in **eolairí gnó**. Beidh ort téarmaí agus coinníollacha an jab a phlé leis an ateangaire féin.

## Conas féachaint chuige go ndéanfar an ateangaireacht is fearr is féidir

- ✓ Abair **céard go díreach a theastaíonn uait**.
- ✓ Déan gach **doiciméad ina bhfuil eolas cúlra** agus gach eolas ábhartha faoi **na hábhair a phléifear** a chur ar fáil roimh ré. Cuidiú an-mhór is ea é clár oibre agus miontuairiscí cruinnithe a reáchtáladh roimhe a chur ar fáil. An t-ateangaire nach bhfuil ar an eolas faoin ábhar atá idir chamáin, is doiligh dó obair ardchaighdeán a dhéanamh.
- ✓ Bíodh a fhios ag lucht eagraithe an chruinnithe go mbíonn riachtanais ar leith ag baint leis an ateangaireacht, is cuma cén cineál ateangaireachta atá i gceist. Ní mór a bheith in ann **gach rud a chloisteáil agus a fheiceáil** sa seomra cruinnithe. Bunriachtanas eile is ea é gan ach trealamh a chomhlíonann caighdeán ISO 2603 agus 4043 a úsáid.
- ✓ Is léir ón taithí a fuarthas go dtí seo go bhfuil ríthábhacht ag baint le **scileanna cumarsáide** na rannpháirtithe nuair atá cruinniú ilteangach ar siúl. Dá mhéad teangacha a úsáidtear agus dá chasta na socruithe ateangaireachta atá i bhfeidhm is ea is tábhachtaí an méid sin a chur san áireamh.
- ✓ An té atá ina chathaoirleach ar chruinniú ilteangach nó i mbun cainte le linn cruinniú dá shórt, ní miste dó a mhachnamh a dhéanamh ar an mbealach is fearr le **brí a chuid cainte a chur in iúl** trí na hateangairí. Is é is feidhm do na hateangairí féachaint leis go rachaidh an cruinniú ar aghaidh amhail is dá mbeadh an teanga chéanna ag gach duine. Ar an leathanach gréasáin seo a leanas tá roinnt **leideanna** maidir le conas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh i gcruinniú, mar aon le comhairle mhionsonraithe faoi conas is ceart cruinniú a eagrú, caint a dhéanamh agus áiseanna nua comhdhála a úsáid: [http://ec.europa.eu/dgs/scic/working-with-interpreters/index\\_ga.htm](http://ec.europa.eu/dgs/scic/working-with-interpreters/index_ga.htm)
- ✓ Ar an leathanach gréasáin a leanas tá **treorlínte** do dhaoine a thugann caint uathu ag ócáidí a chraoltar ar an ngréasán domhanda: [http://ec.europa.eu/dgs/scic/working-with-interpreters/tips-for-speakers-in-a-webcast/index\\_ga.htm](http://ec.europa.eu/dgs/scic/working-with-interpreters/tips-for-speakers-in-a-webcast/index_ga.htm)

# An t-aistriúchán agus an ateangaireacht: gairmeacha beatha a bhfuil gealladh fúthu

Sa lá atá inniu ann is fánach an t-aistritheoir nach n-úsáideann ríomhaire. Tá iliomad áiseanna aistriúcháin rí-úsáideach tar éis teacht ar an bhfód i ngeall ar an dul chun cinn atá déanta sa teicneolaíocht. A bhuí le feidhmchláir ar nós cuimhní aistriúcháin agus **bogearraí aitheanta gutha** is éifeachtaí, is gasta, agus is fearr obair an aistritheora.

A bhuí le ríomhairí, is fusa, leis, obair bhuíne, comhordú agus líonrú a dhéanamh, rudaí nach féidir déanamh dá n-uireasa san aistriúchán nua-aimseartha.

Maítear, ar uairibh, go ndéanfaidh ríomhairí an obair aistriúcháin a dhéanann daoine faoi láthair, agus go bhfágfaidh sin nach mbeidh feidhm a thuilleadh le haistritheoirí. Is beag an baol. Tá an oiread sin castachta agus caolchúise ag baint le teangacha nach móide go nglacfaidh ríomhairí áit an duine.

Go deimhin, tá ag méadú ar earnáil an aistriúcháin. Tá ag méadú, leis, ar an líon gnólachtaí a bhaineann leas as teangacha iasachta chun deiseanna gnó nua a chruthú. Dá bharr sin, tá earnáil na dteangacha ag fás, rud as a dtagann fostaíocht do dhaoine a bhfuil scileanna teanga acu.

## Bunuirilísí aistriúcháin

**An t-idirlíon:** cé nach áis aistriúcháin ó cheart é an t-idirlíon, níl áireamh ar an eolas atá ann ó thaobh taighde agus téarmaíochta de.

**Cuimhní aistriúcháin:** is é atá i gcuimhní aistriúcháin córais a aimsíonn míreanna sa téacs a aistríodh cheana agus atá stóráilte sa chuimhne. Cuirtear na míreanna sin isteach san aistriúchán nua agus cinneann an t-aistritheoir cé acu a úsáidfídh sé, a leasfaidh sé nó nach n-úsáidfídh sé iad. Bíonn sé sin fíorúsáideach agus doiciméid á n-aistriú ina mbíonn na míreanna ceannann céanna arís is arís eile.

**Bunachair théarmaíochta:** sampla de bhunachar téarmaíochta ar líne is ea IATE (Téarmaíocht Idirghníomhach don Eoraip). Tá tuairim is 8.7 milliún iontráil ann a chuir téarmeolaithe na n-institiúidí Eorpacha isteach de réir a

chéile. Ó bhí 2007 ann tá rochtain ag cách ar líne air (<http://iate.europa.eu>).

**Meaisínáistriúchán:** is éard is meaisínáistriúchán ann aistriúchán garbh ar dhoiciméid is féidir a dhéanamh le péirí áirithe teangacha. Ar fhoclóirí dátheangacha agus ar anailís teangeolaíochta a bhíonn an t-aistriúchán bunaithe. Spárálann meaisínáistriúchán am, ach ní mór a bheith an-cháiríseach leis; is iondúil gur gá an t-aistriúchán a cheartú, agus is ceart súil ghéar a chaitheamh air i gcónaí.

Agus cad mar gheall ar fhoclóirí? Úsáideann aistritheoirí **foclóirí** i gcónaí mar áiseanna teanga agus téarmaíochta. Diaidh ar ndiaidh, áfach, tá foclóirí ar CD-ROManna agus ar líne ag glacadh áit na bhfoclóirí clóite.

## Ateangairí agus an teicneolaíocht

Dála aistritheoirí, baineann ateangairí síorúsáid as an idirlíon agus as bunachair shonraí chun taighde a dhéanamh agus chun doiciméid tagartha a aimsiú agus chun ullmhúchán do chruinnithe a dhéanamh. Bíonn ateangairí bord ar bhord leis an teicneolaíocht is úire d'fhonn a oiread tairbhe is féidir a bhaint aisti ina gcuid oibre.

Tá an Coimisiún Eorpach **ar thús cadhnaíochta sa teicneolaíocht comhdhála**; tá seifteanna nua ceaptha aige le haghaidh físchomhdhálacha ina ndéantar ateangaireacht agus le haghaidh ócáidí a chraoltar ar an idirlíon agus a bhfuil fóram plé ar líne ag dul leo. Ag an nasc seo tá eolas faoi dhearadh na saoráidí comhdhála: [http://scic.ec.europa.eu/europa/jcms/c\\_5413/conference-facility-design](http://scic.ec.europa.eu/europa/jcms/c_5413/conference-facility-design)



# Naisc úsáideacha

- ▶ EUR-Lex (Dlí an AE ar líne): <http://eur-lex.europa.eu>
- ▶ IATE (bunachar téarmaíochta): <http://iate.europa.eu/iatediff/switchLang.do?success=mainPage&lang=ga>
- ▶ Ard-Stiúrthóireacht Aistriúcháin an Choimisiúin Eorpaigh: <http://ec.europa.eu/dgs/translation>
- ▶ An Mháistreacht Eorpach san Aistriúchán (EMT): <http://ec.europa.eu/emt>
- ▶ Ard-Stiúrthóireacht Ateangaireachta an Choimisiúin Eorpaigh: <http://ec.europa.eu/dgs/scic>
- ▶ Conas a bheith i d'ateangaire: [http://ec.europa.eu/dgs/scic/become-an-interpreter/index\\_ga.htm](http://ec.europa.eu/dgs/scic/become-an-interpreter/index_ga.htm)
- ▶ An Mháistreacht Eorpach san Ateangaireacht Chomhdhála (EMCI): <http://www.emcinterpreting.org>

## Cumainn aistritheoirí, téarmeolaithe agus comhlachtaí aistriúcháin

### *Idirnáisiúnta*

- ▶ Globalization and Localization Association (GALA): [www.gala-global.org](http://www.gala-global.org)
- ▶ International Association of Conference Translators: [www.aitc.ch](http://www.aitc.ch)
- ▶ International Association for Translation and Intercultural Studies: [www.iatis.org](http://www.iatis.org)
- ▶ International Federation of Translators (FIT): [www.fit-ift.org](http://www.fit-ift.org)
- ▶ International Permanent Conference of University Institutes of Translators and Interpreters (CIUTI): [www.ciuti.org](http://www.ciuti.org)
- ▶ Unesco Clearing House for Literary Translation: [www.unesco.org/culture/lit](http://www.unesco.org/culture/lit)

### *San Aontas Eorpach*

- ▶ European Association for Machine Translation (EAMT): [www.eamt.org](http://www.eamt.org)
- ▶ European Council of Literary Translators' Associations (CEATL): [www.ceatl.org](http://www.ceatl.org)
- ▶ European Society for Translation Studies (EST): [www.est-translationstudies.org](http://www.est-translationstudies.org)
- ▶ European Union of Associations of Translation Companies: [www.euatc.org](http://www.euatc.org)

## Teangeolaithe Eorpacha gar duit

Bí i dteagmháil leis an oifigeach áitiúil is cóngaraí duitse atá ag Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin:

<http://ec.europa.eu/dgs/translation/getintouch/localoffices>

*Seirbhís is ea Europe Direct a chabhróidh leat freagraí  
a fháil ar do cheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach*

**Uimhir shaorghlao (\*):  
00 800 6 7 8 9 10 11**

(\*) Bíonn an fhaisnéis a thugtar saor in aisce, agus formhór na nglanna (cé go bhféadfadh roinnt oibrítheoirí, boscaí gutháin nó óstáin táille a ghearradh ort).

Tá breis eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an idirlíon (<http://europa.eu>).

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2014

ISBN 978-92-79-23296-1  
doi:10.2782/47334

© An tAontas Eorpach, 2014  
Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil.

*Printed in Belgium*



Oifig na bhFoilseachán

ISBN 978-92-79-23296-1



9 789279 232961